

Beartas faoi Theacht ar Shonraí

Tuigeann an tSCP a cuid dualgas mar rialaitheoir sonraí atá iomlán freagrach as agus gur gá cúram a thabhairt do na sonraí pearsanta faoinár gcúram. Tá ár n-oibleagáidí leagtha amach san RGCS agus i reachtaíocht feidhmithe ábhartha agus eile in Éirinn.

Tá daoine a bhfuil a sonraí pearsanta ag an tSCP i dteideal iarraidh ar an tSCP agus deimhniú a fháil an bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leo á bpróiseáil. Más mar sin atá, tá na daoine sin i dteideal a theacht ar na sonraí pearsanta chomh maith leis an eolas seo thíos i dtaca le:

- (i) Cúiseanna próiseála
- (ii) Na catagóirí de sonraí pearsanta i gceist
- (iii) Na daoine, nó na catagóirí de dhaoine ar tugadh nó a dtabharfar sonraí pearsanta dóibh
- (iv) Más féidir, an tréimhse ama a cheaptar a choinneofar sonraí pearsanta agus murar féidir é sin a dhéanamh, na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a shocrú
- (v) An ceart a bheith ann iarraidh ar an tSCP sonraí pearsanta a cheartú nó a scrios nó srian a bheith ar sonraí pearsanta iarrthóra a phróiseáil nó é/í cur in aghaidh próiseála dá leithéid
- (vi) An ceart gearán a dhéanamh leis an Choimisinéir um Chosaint Sonraí
- (vii) Sa chás nach mbailítear na sonraí pearsanta ón iarrthóir, aon eolas atá ar fáil faoi na foinsí
- (viii) Sa chás go bhfuil cinntí á ndéanamh go huathoibríoch (próifiliú san áireamh) faoi sonraí an iarrthóra, agus más cuí, eolas ciallmhar faoin loighic i gceist chomh maith leis an tábhacht agus na torthaí a mbeifí ag súil leo ó phróiseáil dá leithéid don iarrthóir.
- (ix) Sa chás go dtugtar sonraí pearsanta do thríú tír, na cosaintí cuí a bhaineann le RGCS i dtaca le haistriú dá leithéid.

Cineál an Iarratais

Ba chóir an t-iarratas ar sonraí a dhéanamh i scríbhinn agus ba chóir go leor eolais a thabhairt chun gur féidir an t-iarrthóir a aithint go réasúnta sásta chun gur féidir linn a dheimhniú nach bhfuil muid ag scaoileadh sonraí chuig duine atá do phearsanú. Nuair a chinntítear na critéir, beidh muid in ann tús a chur leis an obair a bhaineann le freagra a thabhairt ar d'iarratas.

Déanfaidh an tSCP gach iarracht freagra a thabhairt chomh luath agus is féidir agus aon mhoill nach bhfuil riachtanach, ach murar féidir linn an obair sin a chríochnú taobh istigh de mhí cuirfimid thú ar an eolas faoi dhul chun cinn maidir le d'iarratas.



Cumarsáid a dhéanamh leis an Duine a mbaineann na sonraí leis/léi

Beidh an tSCP i dteagmháil go díreach leat chomh luath agus a fhaightear iarratas bailí ar eolas. Is féidir go gcuideoidh an teagmhálaí seo leat an t-eolas áirithe a theastaíonn uait a dheimhniú. Is féidir leat cuidiú linn d'iarratas a dhéanamh níos gasta má thugann tú an oiread eolais dúinn agus is féidir faoi na sonraí atá á lorg agat agus an réimse eolais, am agus foinsí eolais a theorannú an oiread agus is féidir. Má theastaíonn uait cóip a fháil de gach rud atá againn fút, déanfaimid cuardach iomlán faoi na sonraí ábhartha ar fad sa tSCP.

Cuardach an Chórais

Mura bhfuil cúis dhlísteach ann réimse an iarratais a laghdú, déanfar cuardach i ngach bunachar sonraí agus i ngach córas comhaid ábhartha (comhaid fhisiceacha) atá ábhartha faoin RGCS ar fud na SCP.

Eagróidh an tSCP an freagra don iarratas tríd an fhreagracht a thabhairt do dhuine nó dhó as iarratais ar eolas a eisiúint ar fud na SCP agus as na freagraí ar fad a ghlacadh. Beidh an duine/daoine sin freagrach as iarratais ar eolas ó dhaoine freagrach as sin a chomhordú.

Comhaid Fhisiceacha

Déanfar cuardach ar gach comhad fisiceach (mar atá leagtha amach i dTreoirínte chun Taifid a Bhainistiú) chun do shonraí a fháil.

Srianta tar éis d'iarratas a Fháil

Níl sé ar intinn go gcuirfeadh comhlíonadh le reachtaíocht RGCS agus bainteach as do ghnáth-reáchtáil na hoibre sa tSCP agus tar éis iarratas bailí a fháil, tá cead againn athruithe a dhéanamh leis an eolas a lorgáidh mar a dhéanfaí de ghnáth a fhad is nach ndéantar athruithe mar gheall ar an iarratas é féin. San áireamh tá sonraí míchruinne a cheartú.

Sonraí de chuid Tríú Páirtí



Nuair a bhailítear an t-eolas, tabharfaimid aird ar ár n-oibleagáidí do dhaoine eile maidir le heolas. Tabharfaidh an duine(daoine) a ullmhaíonn ár bhfreagra aird ar chearta tríú páirtithe agus faoi oibleagáidí rúndachta ar bith a d'fhéadfadh a bheith i gceist chomh maith le díolúintí ábhartha ar bith faoi RGCS. Sa chás go nochtfaí aitheantas tríú páirtí i sonraí a bhaineann leat, is féidir go gcuirfimid an t-eolas sin faoi cheilt chun príobháideachas agus rúndacht tríú páirtithe dá leithéid a chosaint nó is féidir go dtabharfaimid cuid de na sonraí duit seachas ábhar ó fhoinsí bunaidh.

Díolúintí

Tá ábhair áirithe atá díolmhaithe ó chur isteach sa fhreagra ó dhuine a lorgaíonn eolas. San áireamh tá ábhar na hidirbheartaíochta leis an duine agus eolas atá faoi réir ag pribhléid ghairmiúil dlí. San áireamh fosta tá eolas a bhaineann le fiosrú gairmiúil atá ar siúl nó le próisis atá ar siúl. Má tá muid ag idirbheartú leat ag an am céanna a dhéanann tú iarratas ar eolas, níl dualgas orainn eolas a thabhairt a d'fhéadfadh cur as don idirbheartaíocht sin. Nuair a chomhlíontar an idirbheartaíocht agus curtha i bhfeidhm, tá an comhad faoi réir ag RGCS.

Ní mór ríomhphoist a chur ar fáil chomh maith le sonraí cartlainne i ríomhaire agus sonraí fisiceacha a choinnítear i gcóras comhaid ábhartha. Coinneofar píosa scannánaíochta CCTV má iarrtar é.

Ní féidir iarratais ar Shonraí a úsáid le cur as do rúin trádála nó do chearta maoine intleachtúla. Dá bhrí sin ní féidir leis an tSCP ábhar trialacha nó caighdeáin marcála a thabhairt amach mar chuid d'iarratas ar Theacht ar Shonraí.

Sa chás go bhfuil eolas faoi shláinte san áireamh i sonraí pearsanta, d'fhéadfadh dualgas a bheith ar an tSCP dul i gcomhairle le hoibrí gairmiúil sláinte sula dtabharfaí eolas amach. Dhéanfaí é seo so dóigh nach dtabharfaí eolas amach do dhuine a lorgaíonn eolas faoi dhrochbhair sláinte ar eagla go gcuirfeadh sé as don duine sin nó do dhuine eile. Ní bheadh sin i gceist sa chás go mbeadh an t-eolas ar fáil cheana ag an duine i gceist, nó a thug an t-eolas.

Aithnímid má theipeann orainn freagra a thabhairt ar d'iarratas taobh istigh den am ceart gur féidir le duine gearán a dhéanamh chuig Oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí, agus gur féidir go gcuirfeadh an Coimisinéir fiosrú ar bun. Déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go bpléitear go héifeachtach le gach iarratas ar eolas go héifeachtach agus go héifeachtúil i gcónaí agus tá muid buíoch as bhur gcomhoibriú cabhrú linn do chearta a chosaint faoi RGCS.



Cineál an Fhreagra

Tabharfaidh an tSCP freagra ar bith faoi shonraí ábhartha don iarrthóir i bhformáid leictreonach. Mura dteastaíonn uait freagra a fháil ar d'iarratas i ríomhphost, abair é sin linn roimh ré. Chomh luath agus a chríochnófar freagra ar d'iarratas, déanfaimid cóip iomlán den ábhar a choinneofar dár dtaifid féin. Coinneofar an taifead seo mar thagairt má tharlaíonn aon aighneas faoi ábhar nó faoin am a thóg sé freagra a thabhairt duit. Coinneofar é ar feadh 7 mbliana.

Bí ar an eolas sa chás go ndéanann duine iarratas nó go ndéantar iarratas ar eolas ar son duine, dá n-eolas pearsanta féin faoin Acht Um Shaoráil Faisnéise, gur chóir an t-iarratas a dhéanamh fosta mar iarratas faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Sin mar atá mar nach bhfuil sé riachtanach tagairt do RGCS má dhéantar iarratas bailí faoi Chosaint Sonraí.

Is féidir le duine ar bith am ar bith iarratas a dhéanamh (chuig an Oifigeach um Chosaint Sonraí) aon eolas pearsanta fúthu atá ag an tSCP a nuashonrú nó a cheartú (má chreideann an duine go bhfuil eolas ar bith atá coinnithe mícheart).

